C/2025/1181

19.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11849 – APOLLO / CPP INVESTMENTS / NOVOLEX / PACTIV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1181)

1. An 11 Feabhra 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Apollo Capital Management L.P. ('ACM', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Apollo Global Management, Inc. ('AGM', na Stáit Aontaithe),

— Canada Pension Plan Investment Board ('CPP Investments', Ceanada),

— Novolex Holdings, LLC ('Novolex', na Stáit Aontaithe), faoi rialú cistí infheistíochta atá á mbainistiú ag cleamhnaithe AGM,

— Pactiv Evergreen Inc. ('Pactiv', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh ACM agus CPP Investments rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Novolex agus Pactiv. Sa chéad chéim, gheobhaidh Novolex rialú aonair ar Pactiv. I gcomhthráth agus go hidirchoinníollach, gheobhaidh ACM agus CPP Investments rialú comhpháirteach ar Novolex (Pactiv san áireamh).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is éard atá in ACM fochuideachta indíreach atá faoi lánúinéireacht Apollo, bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha ardfháis a thairgeann seirbhísí bainistíochta infheistíochta agus pleanála airgeadais do dhaoine aonair agus d'infheisteoirí institiúideacha ar fud an domhain,

— Is eagraíocht ghairmiúil bainistíochta infheistíochta é CPP Investments a infheistíonn ar fud an domhain na cistí a aistríonn Canada Pension Plan chuici.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Novolex agus Pactiv: (i) Forbraíonn agus monaraíonn Novolex táirgí pacáistíochta éagsúla do thionscail éagsúla sna hearnálacha seirbhísí bia, seachadta agus bailithe bia, próiseála bia agus margaí tionsclaíocha; agus (ii) Is monaróir agus dáileoir seirbhísí bia úra agus táirgí taispeána bia agus cartán deochanna úra i Meiriceá Thuaidh den chuid is mó é Pactiv.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11849 – APOLLO / CPP INVESTMENTS / NOVOLEX / PACTIV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË